2025/2203

3.11.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/2203 ÓN gCOIMISIÚN

an 31 Deireadh Fómhair 2025

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/564 a mhéid a bhaineann leis na taifid ar tháirgí cosanta plandaí a choinníonn úsáideoirí gairmiúla a aistriú go formáid leictreonach

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoir 79/117/CEE agus Treoir 91/414/CEE ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 67(4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 67(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, ní mór d'úsáideoirí gairmiúla táirgí cosanta plandaí taifid a choimeád ar na táirgí cosanta plandaí a úsáideann siad, taifid ina bhfuil ainm an táirge cosanta plandaí, am agus dáileog an leata, an limistéar a cóireáladh agus an barr inar úsáideadh an táirge cosanta plandaí.

(2) De bhun Airteagal 3 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/564 ón gCoimisiún ([2]), na taifid nár cruthaíodh ar dtús i bhformáid leictreonach mheaisín-inléite, tá siad le haistriú chuig an bhformáid sin tráth nach déanaí ná 30 lá ó dháta úsáide an táirge cosanta plandaí faoi seach. Tá feidhm le bheith ag an gceanglas sin maidir le húsáidí táirgí cosanta plandaí a tharlaíonn ón 1 Eanáir 2026 ar aghaidh.

(3) Tá níos mó ama de dhíth ar roinnt Ballstát chun ullmhú do thabhairt isteach aistriú na dtaifead i bhformáid leictreonach agus chun an oiliúint is gá a chur ar fáil d'úsáideoirí, go háirithe dóibh siúd sna hearnálacha neamhthalmhaíochta, chomh maith le feirmeoirí beaga agus scothaosta.

(4) Is gá an deis a thabhairt do na Ballstáit cead a thabhairt d'úsáideoirí gan na taifid le haghaidh úsáidí táirgí cosanta plandaí ar a gcríocha a aistriú go dtí an fhormáid leictreonach fhorordaithe roimh an 1 Eanáir 2027.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/564 a leasú dá réir sin.

(6) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

In Airteagal 3 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/564, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

'Maidir le húsáidí táirgí cosanta plandaí ar a gcríoch roimh an 1 Eanáir 2027, féadfaidh na Ballstáit a cheadú nach n-aistreofar na taifid lena mbaineann isteach san fhormáid leictreonach fhorordaithe.'

([1]) IO L 309, 24.11.2009, lch. 1, ELI: https://data.europa.eu/eli/reg/2009/1107/oj.
([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/564 ón gCoimisiún an 10 Márta 2023 a mhéid a bhaineann le hinneachar agus formáid na dtaifead a choinníonn úsáideoirí gairmiúla ar tháirgí cosanta plandaí de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 74, 13.3.2023, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/564/oj).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 31 Deireadh Fómhair 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN